Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12906/23**

**AVIATION 155**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 524 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an meastóireacht ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eithlíochta an Aontais Eorpaigh agus ar Rialachán (AE) 2018/1139 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 524 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 524 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2023
COM(2023) 524 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an meastóireacht ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eithlíochta an Aontais Eorpaigh agus ar Rialachán (AE) 2018/1139 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh**

GA GA

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Rinne an Coimisiún Eorpach meastóireacht ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('EASA') agus ar Rialachán (AE) 2018/1139 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ([1]). Rinneadh measúnú sa mheastóireacht ar éifeachtacht an Rialacháin maidir lena chuspóirí a bhaint amach, lena éifeachtúlacht, lena ábharthacht maidir le freagairt do riachtanais na bpáirtithe leasmhara, maidir le comhleanúnachas le reachtaíocht agus gníomhaíochtaí beartais eile an Aontais, agus maidir le breisluach foriomlán an Aontais. Rinneadh measúnú sa mheastóireacht freisin ar fheidhmíocht EASA maidir lena cuspóirí, lena shainordú agus lena chúraimí. Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle ar bhonn Airteagal 124 de Rialachán (AE) 2018/1139. Cuirtear i láthair ann torthaí na meastóireachta sin, agus cuirtear i dtábhacht an méid atá bainte amach ag EASA agus ag an Rialachán i dtreo an chuspóra fhoriomláin maidir le hardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a chur ar bun agus a choinneáil ar bun san Aontas. Sainaithnítear sa tuarascáil freisin réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe amach anseo, amhail gníomhaíochtaí EASA a mhaoiniú go hiomchuí. Déantar na torthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil sin a fhorbairt tuilleadh i nDoiciméad Inmheánach Oibre tiomnaithe de chuid an Choimisiúin([2]) agus tacaítear leo le sonraí arna mbailiú i staidéar a chonraigh an Coimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar EASA agus ar an Rialachán([3]).

## 1. RÉAMHRÁ

**Tá Rialachán (AE) 2018/1139 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh** infheidhme ón 1 Meán Fómhair 2018. Agus an tsábháilteacht ina réamhriachtanas d'earnáil iomaíoch eitlíochta, is é is **príomhchuspóir don Rialachán leibhéal ard**

([1]) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Doiciméad Inmheánach Oibre (2023) 298

([3]) *Study supporting the evaluation of the European Union Aviation Safety Agency's (EASA) performance in relation to its objectives, mandate and tasks as set out in Regulation (EU) 2018/1139 – Final Report, 2023* [Staidéar lena dtacaítear leis an meastóireacht ar fheidhmíocht Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) i ndáil lena cuspóirí, lena sainordú agus lena cúraimí mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 – Tuarascáil Chríochnaitheach, 2023]

**aonfhoirmeach sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a chur ar bun agus a choinneáil ar bun san Aontas.** Is é is aidhm don Rialachán freisin, i measc nithe eile, saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a éascú sna réimsí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, trí chothroime iomaíoch a sholáthar do na páirtithe uile sa mhargadh eitlíochta inmheánach, trí rannchuidiú le leibhéal ard aonfhoirmeach cosanta comhshaoil, chomh maith le tuairimí an Aontais maidir le caighdeáin eitlíochta sibhialta agus rialacha na heitlíochta sibhialta a chur chun cinn ar fud an domhain, trí chomhar iomchuí a bhunú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Baintear cuspóirí an Rialacháin amach, i measc nithe eile, trí cheanglais lena gcumhdaítear príomhréimsí uile na heitlíochta sibhialta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, lena n-áirítear aeracmhainneacht, oibríochtaí aeir, aerchriú, aeradróim agus seirbhísí aerloingseoireachta. Cumhdaítear leis an Rialachán freisin teicneolaíochtaí nua, go háirithe dróin (córais aerárthaí gan foireann).

Baintear cuspóirí an Rialacháin amach go príomha le cabhair ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (‘EASA’) a bhfuil raon leathan freagrachtaí mar chúram uirthi.

Maidir lena raon feidhme geografach, tá an Rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán agus tá sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát de chuid an Aontais. Tá sé infheidhme freisin san Eilvéis, san Iorua, san Íoslainn agus i Lichtinstéin, ar comhaltaí iad de EASA de bhua na gcomhaontuithe Aontais a síníodh leis na tíortha sin([4]).

Bunaíodh EASA in 2002 ar dtús agus tháinig sé i bhfeidhm in 2003[5]. Ó shin i leith, le Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 agus le Rialachán (CE) Uimh. 1108/2009 ([6]) méadaíodh raon feidhme inniúlacht an Aontais agus freagrachtaí EASA. Tá suíochán EASA in Köln, agus tá oifigí aige sa Bhruiséil, in Washington, i mBéising, i Singeapór agus i gCathair Phanama.

Cuirtear an Rialachán in ionad Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa([7]). Ina Mheasúnú Tionchair 2015([8]) lena dtacaítear leis an

([4]) An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch – LEE - comhaontú agus an comhaontú déthaobhach leis an Eilvéis.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2002 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=celex:32002R1592.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1108/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 i réimse na n-aeradróm, an bhainistithe aerthráchta agus na seirbhísí aerloingseoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/23/CE, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX %3A32009R1108.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n- aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE, IO L 79, 19.3.2008, lch. 1.

([8]) SWD(2015) 262 final, 7.12.2015.

athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, shainaithin an Coimisiún na **príomhfhadhbanna seo a leanas maidir leis an gcreat dlíthiúil a bhí ann an tráth sin:**

- b'fhéidir nach raibh an córas rialála atá ann cheana ábalta rioscaí sábháilteachta a shainaithint agus a mhaolú go leordhóthanach sa mheántéarma agus san fhadtéarma;
- ní raibh an córas rialála atá ann cheana comhréireach toisc gur chruthaigh sé ualaí iomarcacha, go háirithe i gcás oibreoirí beaga;
- ní raibh an córas rialála atá ann cheana freagrúil a dhóthain d'fhorbairtí sa mhargadh; agus
- bhí difríochtaí sna hacmhainní ar fud na mBallstát lenar cruthaíodh rioscaí sábháilteachta féideartha agus lenar cuireadh le mímhuinín i measc na mBallstát.

Dá bhrí sin, chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, sainaithníodh i Measúnú Tionchair 2015 na **cuspóirí sonracha seo a leanas sa Rialachán athbhreithnithe:**

- deireadh a chur le ceanglais nach bhfuil gá leo agus a áirithiú go mbeidh an creat rialála comhréireach leis na rioscaí a bhaineann le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí eitlíochta;
- a áirithiú go gcomhtháthófar go héifeachtúil teicneolaíochtaí nua agus forbairtí margaidh agus go ndéanfar maoirseacht éifeachtach orthu;
- próiseas comhoibríoch bainistíochta sábháilteachta a bhunú idir an tAontas agus a chuid Ballstát chun rioscaí a bhaineann leis an eitlíocht shibhialta a shainaithint agus a mhaolú;
- na bearnaí sa chóras rialála a dhúnadh agus a chomhsheasmhacht a áirithiú, e.g., le beartais chomhshaoil; agus
- córas comhthiomsaithe agus comhroinnte acmhainní a oibreoidh go héifeachtach idir na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht a bhunú.

Ceanglaítear leis an Rialachán go ndéanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023, an mheastóireacht ar an Rialachán agus ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta maidir lena chuspóirí, lena shainorduithe agus lena chúraimí. Leis an Rialachán freisin, ceanglaítear ar an gCoimisiún torthaí na meastóireachta sin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Dá bhrí sin, cuirtear i láthair sa tuarascáil seo ar dtús an mhodheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún chun an mheastóireacht a dhéanamh agus ansin cuirtear i láthair inti na príomhthorthaí agus na príomhchonclúidí meastóireachta.

## 2. MODHEOLAÍOCHT NA MEASTÓIREACHTA

Rinne an Coimisiún an **mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr.** Rinneadh measúnú sa mheastóireacht ar **éifeachtacht** an Rialacháin maidir lena chuspóirí a bhaint amach, lena **éifeachtúlacht**, lena **ábharthacht maidir** le freagairt do riachtanais na bpáirtithe leasmhara, maidir lena **comhleanúnachas** le reachtaíocht agus gníomhaíochtaí beartais eile an Aontais, agus maidir le **breisluach foriomlán an**

**Aontais.** Rinneadh measúnú sa mheastóireacht freisin ar fheidhmíocht **EASA maidir lena shainordú agus lena chúraimí.** Cumhdaítear an tréimhse idir mí Lúnasa 2018 agus mí na Nollag 2022 sa mheastóireacht. Mar sin féin, is minic nach raibh sonraí iomlána ar fáil ach amháin don tréimhse go dtí deireadh 2021. Thacaigh staidéar tacaíochta seachtrach ([9]) leis an meastóireacht .

Tá an mheastóireacht **bunaithe ar fhianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil** a bailíodh trí thaighde fairsing deisce. Bailíodh tuilleadh fianaise trí agallaimh agus trí cheistneoirí a scaipeadh i measc na ngrúpaí páirtithe leasmhara ábhartha éagsúla (aerlínte, aerfoirt, monaróirí táirgí aerloingseoireachta, NAAnna, institiúidí agus gníomhaireachtaí ar leibhéal an Aontais). Thairis sin, eagraíodh dhá cheardlann thiomnaithe le húdaráis tionscail agus náisiúnta eitlíochta a raibh sé mar aidhm acu tuairimí páirtithe leasmhara a bhailiú.

D’ainneoin na n-iarrachtaí uile a rinneadh chun fianaise leordhóthanach a bhailiú a bhí riachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán, níorbh fhéidir meastóireacht a dhéanamh ar gach gné de bharr easpa sonraí leordhóthanacha. Ba é ba chúis leis sin i bpáirt go gceanglaítear leis an Rialachán go nglacfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe breise i roinnt réimsí nua a chumhdaítear leis an Rialachán. I gcásanna áirithe, áfach, e.g., i réimse na ndrón, cé go bhfuil obair den sórt sin measartha forbartha, i réimsí eile, e.g. maidir le láimhseáil nó deimhniú trealamh talún BAT/SAL, níl an obair sin ach ag tosú. Dá bhrí sin, bhí sé dodhéanta a mheas ar chomhlíon an Rialachán a chuspóirí sonraithe uile.

Ina theannta sin, tugadh isteach leis an Rialachán athruithe sách teoranta i gcomparáid leis an Rialachán roimhe sin agus dá bhrí sin bhí deacrachtaí ag páirtithe leasmhara na costais chomhlíontachta a bhaineann leis an Rialachán a scaradh ó na costais chomhlíontachta a eascraíonn as na ceanglais a bhí ann cheana. Dá bhrí sin, bhain an anailís éifeachtúlachta úsáid as meastacháin neamhfhoirfe ar chostais chomhlíontachta den sórt sin.

Ina theannta sin, bhí an tréimhse mheastóireachta neamhthipiciúil den chuid is mó mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 ar an eitlíocht, le linn na paindéime féin agus ina dhiaidh sin le linn na tréimhse téarnaimh atá fós ar siúl. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 in 2020 agus 2021, tháinig laghdú suntasach ar ioncam ó phaisinéirí . Thuairiscigh aerfoirt caillteanais mhóra in 2020 agus tháinig méadú ar fhiachas aerfoirt. Bhí an titim san aerthrácht in éineacht le cumas teoranta soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a leibhéil chaiteachais a laghdú. Bhí ar na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta an bhearna in ioncam a bhainistiú trí úsáid a bhaint as a n-acmhainní dílse, nó iasachtaí nó instealladh cothromais ag a n-úinéirí (arb iad sin na Ballstáit den chuid is mó). Tháinig laghdú freisin ar rátaí fostaíochta i dtionscal na heitlíochta mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Thairis sin, chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm go díreach ar chumas na Gníomhaireachta an Rialachán a chur chun feidhme, go háirithe a fhorálacha nua. Dá bhrí sin, cruthaíodh le paindéim COVID-19 dúshláin shuntasacha don mheastóireacht sin, lena

([9]) Foilseofar an staidéar tacaíochta seachtrach a rinne Ramboll et al, in 2022-2023 in éineacht leis an meastóireacht seo.

n-áirítear infhaighteacht sonraí agus deacrachtaí a bhaineann lena léirmhíniú, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

Chun infhaighteacht níos fearr ar shonraí a áirithiú do na meastóireachtaí amach anseo, rinne an Coimisiún athbhreithniú agus mhol sé athbhreithnithe a dhéanamh ar an gcóras faireacháin agus meastóireachta a bhí i Measúnú Tionchair 2015. Cuirtear san áireamh sa chóras athbhreithnithe forbairtí le déanaí agus cineálacha breise sonraí, atá ar fáil ó foilsíodh Measúnú Tionchair 2015. Baileoidh EASA na pointí sonraí faoi seach gach bliain, ba cheart dóibh éifeachtacht agus éifeachtúlacht na chéad mheastóireachta eile a éascú.

I bhfianaise chastacht chreat dlíthiúil foriomlán an Aontais i réimse na sábháilteachta eitlíochta (a chuimsítear go príomha sna gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe iomadúla arna nglacadh ar bhonn an Rialacháin), dírítear sa mheastóireacht sin ar ról agus ar thionchar an Rialacháin féin. Dá bhrí sin, ní dhéantar measúnú mionsonraithe sa mheastóireacht sin ar na rialacha sna réimsí teicniúla éagsúla a chumhdaítear le gníomhartha cur chun feidhme agus le gníomhartha tarmligthe.

## 3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTA

Maidir leis na gníomhaíochtaí ceaptha rialacha, tá sé mar aidhm ag EASA cur chuige bunaithe ar fheidhmíocht a áirithiú agus riachtanais agus nósanna imeachta á moladh. Mar sin féin, mar thoradh ar chineál ‘cuimsitheach’ an phróisis ceaptha rialacha (i.e. cothromú a dhéanamh ar riachtanais agus ar chuir chuige roghnaithe an tionscail agus ar chuir chuige tosaíochta na n-údarás iomaíochta náisiúnta) **i gcásanna áirithe, forbraítear rialacha saintreoracha.** Ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh cothromaíocht a bhaint amach idir na ceanglais dhlíthiúla agus bearta neamhcheangailteacha agus níos solúbtha amhail modhanna inghlactha comhlíonta agus ábhar treorach.

Tá cúraimí áirithe EASA a bhaineann le rioscaí eitlíochta a shainaithint agus a mhaolú le fáil sa togra reachtach ón gCoimisiún maidir le SES2+ ([10]) . Áirítear le feabhsuithe tábhachtacha den sórt sin a bhaineann le sábháilteacht feabhas a chur ar an bhfaireachán ar fheidhmíocht trí spleáchas frithpháirteach níos láidre a chruthú idir comhlacht athbhreithnithe feidhmíochta SES agus EASA, ról an bhainisteora líonra atá ag méadú (dreasachtaí a chruthú chun tionchar ar an gcomhshaol a laghdú) agus na rialacha nua maidir le seirbhís choiteann faisnéise a sholáthar d’oibríochtaí eitlíochta gan foireann. Ar an drochuair, tá an próiseas reachtach maidir leis an SES2+ fós ar siúl.

Maidir le feidhmíocht sábháilteachta EASA, tá na torthaí dearfacha den chuid is mó mar gheall ar éifeachtacht sheanbhunaithe ghníomhaíochtaí EASA i réimsí an cheaptha rialacha, an deimhniúcháin agus an chaighdeánaithe seachas tionchar sonrach an Rialacháin.

---

([10]) https://transport.ec.europa.eu/transport-modes/air/single-european-sky/single-european-sky-ii_ga

Laistigh den tréimhse tuairiscithe, bhí trí mhórghéarchéim roimh earnáil na heitlíochta (paindéim COVID-19, tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine) a raibh EASA ábalta freagairt go héifeachtach agus go héifeachtúil dóibh.

Ar an iomlán, **tá feidhmíocht EASA maidir le gníomhaíochtaí ceaptha rialacha, deimhniúcháin agus caighdeánaithe thar a bheith dearfach.** Mar sin féin, bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíochtaí EASA, rud a chuir iallach air díriú ar na dúshláin nua sin agus é a atreorú óna ghnáthobair.

**Meastar gur méadaíodh leis an Rialachán costais do pháirtithe leasmhara** (mar gheall go príomha ar cheanglais nua agus rialacháin cur chun feidhme agus tharmligthe). Dá ainneoin sin, d'aithin páirtithe leasmhara tairbhí ó thaobh sábháilteacht mhéadaithe de. Bhí tuairimí éagsúla ag na páirtithe leasmhara maidir le comhréireacht na gcostas agus tairbhí an Rialacháin.

D'éirigh comhairliúcháin Chomhlachtaí Comhairleacha EASA níos éifeachtaí. **Mar thoradh ar chur chuige comhoibritheach níos fearr, rinneadh feabhsuithe suntasacha ar fheidhmiú struchtúr comhairleach EASA** agus ar an gcaidreamh idir EASA agus údaráis inniúla náisiúnta.

Bhí an Rialachán **éifeachtach ar an iomlán maidir lena chuspóirí a bhaint amach.** D'ainneoin theorainneacha thorthaí na meastóireachta sin, tá tásca láidre ann gur chuidigh EASA agus an Rialachán leis an lánpháirtiú Eorpach i réimse an aeriompair, rud a raibh tairbhí suntasacha don tsábháilteacht, don éifeachtúlacht, don chomhshaol agus do chothrom iomaíochta feabhsaithe do thionscal na heitlíochta mar thoradh air.

D'ainneoin roinnt réimsí sainaitheanta le haghaidh feabhsúcháin (e.g. gá le comhchuibhiú comhsheasmhach ar rialacha ar fud réimsí uile na sábháilteachta eitlíochta), measann páirtithe leasmhara eitlíochta an Aontais go bhfuil cáilíocht fhoriomlán shábháilteacht eitlíochta an Aontais an-ard. Chuir EASA a phríomhchúraimí arna sainiú leis an Rialachán i gcrích: i.e. meastar go bhfuil gníomhaíochtaí deimhniúcháin táirgí, gníomhaíochtaí ceaptha rialacha agus gníomhaíochtaí caighdeánaithe éifeachtach ar an iomlán ach go bhfuil roinnt ábhair imní ag baint leo (e.g. próiseas rófhada maidir le ceapadh rialacha i gcomparáid le luas tapa forbairtí teicneolaíochta). Thairis sin, bhí EASA fós éifeachtach d'ainneoin srianta buana ar acmhainní ó bhí 2018 ann, go páirteach toisc go bhféadfadh sé baill foirne a raibh ard-saineolas acu a fhostú go luath, rud a sholáthair eolas agus éifeachtúlacht.

Thairis sin, léirítear éifeachtacht EASA leis an ról a bhí aige mar fhreagairt ar na suaití seachtracha agus ar na brúnna polaitiúla: tuairiscíodh aiseolas dearfach forleathan maidir le ról EASA le linn tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, maidir le hoibríochtaí eitilte sábháilte a áirithiú le linn phaindéim COVID-19 agus sa tréimhse i ndiaidh na paindéime, nó maidir lena freagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Cé go sanntar ról an-leathan do EASA leis an Rialachán maidir le tacaíocht cur chun feidhme, leis na srianta acmhainne atá ann cheana cuirtear srian ar chumas EASA na cúraimí sin a

chomhlíonadh go hiomlán. Dá bhrí sin, ba cheart ualach oibre EASA amach anseo a mheasúnú go cúramach i bhfianaise a acmhainní teoranta. **Leis an Rialachán, ní thugtar tosaíocht do ghníomhaíochtaí éagsúla EASA agus ní dhéantar aon nasc díreach lena acmhainní.** Mar shampla, éilítear le cúraimí na Gníomhaireachta sa nuálaíocht agus taighde go mbeidh cothromaíocht ann idir príomhchúraimí reatha EASA a bhainistiú agus an gá le bheith ag obair ar réimsí amach anseo.

Tá sé cruthaithe go soláthraíonn EASA agus an Rialachán creat rialála comhchuibhithe a chuireann le hardleibhéal sábháilteachta agus lena n-áirithítear go gcloífidh gach oibreoir leis na caighdeáin chéanna. Chuir EASA freisin le caighdeánú rialachán san Aontas, rud a d'fhág go raibh comhar agus comhordú níos fearr idir údaráis inniúla náisiúnta.

Mar sin féin, chun cumas EASA freagairt go héifeachtach do shuaitheadh seachtrach a choinneáil agus chun bheith rannpháirteach go hiomlán i gcuspóirí beartais níos leithne an Aontais (e.g. cuspóirí comhshaoil), **tá sé fíor-riachtanach go mbeadh leibhéal leordhóthanach acmhainní ag an nGníomhaireacht, idir acmhainní foirne agus acmhainní airgeadais,** a hacmhainní teoranta a úsáid go ciallmhar, agus a cúraimí a oiriúnú de réir tosaíochtaí.

**Tá an cur chuige bunaithe ar fheidhmíocht a chuireann EASA i bhfeidhm** fíor-riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. Mar sin féin, níor baineadh amach go hiomlán fós an gá atá le cothromaíocht níos fearr idir deimhneacht dhlíthiúil agus solúbthacht ceanglas, a sainaithníodh cheana féin i Measúnú Tionchair 2015 mar cheann de na fadhbanna a bhaineann leis an gcreat atá ann cheana.

Cé go bhfuil comhdhearcadh leathan ar fud na bpáirtithe leasmhara (agus laistigh de EASA féin) maidir leis an ngá tabhairt faoi chur chuige bunaithe ar fheidhmíocht agus nach bhfuil chomh saintreorach céanna, tá roinnt páirtithe leasmhara fós ag cur i gcoinne an chur chuige sin. Cé gur fearr le páirtithe leasmhara ó thionscal na heitlíochta rialacha atá bunaithe ar fheidhmíocht/rialacha neamhthreoracha, is gnách gur mór ag na húdaráis rialacha níos saintreoracha mar déanann siad foráil maidir le níos mó deimhneachta dlíthiúla.

Dá dtabharfaí isteach níos mó solúbthachta sa phróiseas ceaptha rialacha, thiocfadh méadú ar éifeachtacht EASA maidir le ceapadh rialacha. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuidíonn na hábhair treorach a d'fhorbair EASA le cur chun feidhme comhchuibhithe rialachán a áirithiú.

**Tá éifeachtacht na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara laistigh de Chomhlachtaí Comhairleacha EASA dearfach den chuid is mó agus tá** ról ríthábhachtach ag EASA maidir leis an bpróiseas cuí a urramú agus é ag dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir gan athruithe *ad hoc* ar nósanna imeachta.

Léiríodh le haiseolas ó **na páirtithe leasmhara go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar an gcaidreamh laistigh de Chomhlachtaí Comhairleacha EASA thar na blianta**, agus gur athraigh sé ó chur chuige iomaíoch go cur chuige comhoibritheach. Chun feabhas breise a chur ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, sheol EASA

athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí na gComhlachtaí Comhairleacha in 2022, agus mar gheall air sin bunaíodh grúpaí breise a dhíríonn ar thopaicí sonracha.

Is iondúil go n-aithníonn EASA, údaráis inniúla náisiúnta agus páirtithe leasmhara sa tionscal eitlíochta luach rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara ag céim luath (i.e. trí ghrúpaí ceaptha rialacha agus trí ghrúpaí eile atá tiomnaithe do thopaicí). Mar sin féin, **d'fhéadfadh comhairliúcháin níos spriocdhírithe le páirtithe leasmhara lasmuigh de na Comhlachtaí Comhairleacha feabhas breise a chur ar éifeachtacht shásra comhairliúcháin EASA.**

Maidir le **héifeachtúlacht**, d'éirigh le EASA ar an iomlán na hacmhainní airgeadais a cuireadh ar fáil dó a chur chun feidhme. Os a choinne sin, leathnaigh raon feidhme chúraimí EASA (agus tá sé fós ag leathnú) agus níor mhéadaigh na hacmhainní dá réir i gcónaí. Tháinig dúshlán as sin do EASA a mhisin a chomhlíonadh san fhadtéarma.

Bhí EASA ábalta rátaí arda cur chun feidhme buiséid a choinneáil ar bun, ag baint úsáid as na hacmhainní airgeadais bliantúla a bhí ar fáil i gcaitheamh na mblianta. Chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm go mór ar ghníomhaíochtaí EASA agus ar a hioncam ó tháillí agus ó mhuirir. Chuaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas i bhfeidhm ar acmhainní oibríochtúla EASA freisin, agus dá dheasca sin bhí ar EASA é féin a atheagrú i gcomhréir leis na tosaíochtaí nua sin agus a fhoireann a chur in oiriúint do dhúshláin nua eitlíochta nó iad a oiliúint dá réir.

Gan beann ar phaindéim COVID-19, **bhí laghdú seasta ag teacht ar acmhainní daonna EASA** (coibhéisí lánaimseartha - FTEanna), rud a raibh dúshlán do EASA lena chúraimí a chomhlíonadh mar thoradh air. Go deimhin, cé go meastar i Measúnú Tionchair 2015 go mbeadh gá le FTEnna breise chun an Rialachán a thabhairt isteach, **tháinig laghdú ar líon iarbhír na FTEnna laistigh de EASA le linn na tréimhse meastóireachta.** Tá an laghdú sin suntasach go háirithe i bhfianaise leathnú chúraimí EASA.

Ní thagann fóirdheontas an Aontais le EASA le riachtanais atá ag teacht chun cinn gan choinne. **Tá sé fós lena mheasúnu an bhfuil ranníocaíocht an Aontais fós leordhóthanach chun cúraimí EASA a mhaoiniú.** Éilítear leis sin ar EASA maoiniú a lorg do na gníomhaíochtaí sin in áiteanna eile (e.g. trí chláir mhaoinithe eile de chuid an Aontais amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa). Éileofar le cúraimí nua EASA atá ag teacht chun cinn grinnanailís a dhéanamh ar a chumas iad a sholáthar ar bhealach éifeachtúil. Is **gá freisin do EASA ullmhú le haghaidh teagmhais gan choinne a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a oibríochtaí agus ar a shruthanna ioncaim.**

Cé gur léirigh EASA a chumas a bhuiséad bliantúil a úsáid go héifeachtúil agus ioncam a ghiniúint trína ghníomhaíochtaí, éilítear le líon cúraimí EASA atá ag méadú go ndéanfar measúnú maidir le hinfhaighteacht na n-acmhainní riachtanacha. Ardaíonn sé sin **an cheist an bhfreastalófaí ar bhealach níos fearr ar an Aontas le Gníomhaireacht a mhaoinítear go hiomlán ó tháillí úsáideoirí.**

Tá dlúthbhaint ag an bplé faoi riachtanais airgeadais fhadtéarmacha EASA leis **an bplé leanúnach faoi bhuiséad EASA do na blianta 2025-2027** i gcás ina bhfuil dúshláin thábhachtacha le sárú ag EASA chun a bhuiséad a chothromú, ag eascairt *inter alia* as

méaduithe ar chostais a spreagtar le boilsciú agus an gá le bonneagar TF EASA a nuashonrú. I bhfianaise na srianta buiséadacha gearrthéarmacha sin a eascraíonn as na teorainneacha faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha 2021-2027, beidh ar EASA smaoineamh ar a mhodhanna oibre reatha a atheagrú agus a athstruchtúrú.

Chomh maith le heisiúint ranníocaíocht an Aontais, gné thábhachtach eile sa chomhthéacs sin is ea an **méid solúbthachta i bplean bunaíochta EASA** do phoist a mhaoinítear trí tháillí agus muirir úsáideoirí. Cuirtear bac faoi láthair leis an bplean bunaíochta, lena sainítear líon na bpost EASA ar fud na heagraíochta gan beann ar an bhfoinse maoiniúchán, ar EASA ioncam táillí inbhuanaithe a ghiniúint ó iarratais nua, rannpháirtíocht i gcláir AE a mhaoinítear le táille nó seirbhísí eile (e.g. sna réimsí amhail oibreoirí tríú tír nó eagrú imeachtaí) toisc nach gceadaítear do EASA níos mó foirne a earcú le haghaidh na gcúraimí sin. D'fhéadfadh plean bunaíochta níos solúbtha earcú speisialtóirí a éascú, speisialtóirí atá ag teastáil le haghaidh cúraimí amhail deimhniúchán, tionscadail taighde agus nuálaíochta nó cúraimí sonracha a thugtar do EASA faoin rialachán maidir le hEitlíocht Athbhreosla atá le teacht (e.g. a mhéid a bhaineann le caighdeáin bhreosla, lipéadú comhshaoil nó cúraimí tuairiscithe ar bhreoslaí inbhuanaithe).

Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh i **bplean bunaíochta EASA** maidir le **solúbthacht airgeadais riachtanach.**

Meastar **go bhfuil na costais mhéadaithe do thromlach na bpáirtithe leasmhara mar thoradh ar an Rialachán**, mar gheall go príomha ar an méadú ar cheanglais nua agus ar rialacháin cur chun feidhme agus tharmligthe. Os a choinne sin, **d'aithin páirtithe leasmhara tairbhí i gcomhthéacs sábháilteachta méadaithe.** Cé gur measadh go raibh údar maith le costais mhaoirseachta EASA den chuid is mó, chuir páirtithe leasmhara imní in iúl faoin deacracht a bhaineann le cuid de na ceanglais cur chun feidhme a chomhlíonadh, go háirithe i gcás tíortha agus oibreoirí beaga. Níor tharla an simpliú agus an laghdú ualaigh dá bhforáiltear i Measúnú Tionchair 2015 go fóill, ach ba cheart go laghdódh úsáid níos fearr na n-uirlisí a thairgtear leis an Rialachán na costais chomhlíontachta agus oibríochtúla do pháirtithe leasmhara i meántéarma go fadtéarma.

Chun éifeachtúlacht an chreata atá ann cheana a mhéadú a thuilleadh, **ba cheart iarracht níos mó a dhéanamh creat rialála nach bhfuil chomh saintreorach agus atá bunaithe níos mó ar fheidhmíocht a fhorbairt.** Ina theannta sin, **ba cheart go dtabharfaí níos mó airde ar mheasúnú a dhéanamh ar thionchar costais na gceanglas nua** a forbraíodh laistigh de chreat an Rialacháin i leith na bpáirtithe leasmhara (ag díriú go háirithe ar eintitis bheaga).

**Ar an iomlán, tá an Rialachán comhleanúnach go hinmheánach agus go seachtrach.** I mbeagán réimsí sonracha amháin, níl an Rialachán comhleanúnach go hiomlán le creat rialála SES, agus le roinnt caighdeán idirnáisiúnta, go háirithe na caighdeáin agus na cleachtais mholta a d'fhorbair an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun comhleanúnachas reachtaíocht eitlíochta an Aontais a áirithiú agus ailíniú níos fearr le caighdeáin arna nglacadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a áirithiú.

Bhí aiseolas na bpáirtithe leasmhara maidir le comhleanúnachas inmheánach an Rialacháin dearfach ar an iomlán. Thug roinnt páirtithe leasmhara dá n-aire áfach go raibh léirmhínithe éagsúla ann ar na rialacha cur chun feidhme agus ar neamhréireachtaí idir na Ballstáit.

Maidir le **breisluach AE**, comhlíonann EASA a ról lena áirithiú go gcuirfear rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna i bhfeidhm le haghaidh sábháilteacht agus comhar eitlíochta maidir le cosaint an chomhshaoil, taighde agus nuálaíocht chomh maith lena ról sa chomhar idirnáisiúnta.

Baineadh **tairbhí amach leis an Rialachán nach bhféadfaí a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta ná trí chomhlachtaí idirnáisiúnta eile.** Is fearr an Rialachán a bheith ann ná córas níos ilroinnte lena mbeadh sraith éagsúil rialacha ar leibhéil éagsúla. Príomhthairbhe a bhaineann le creat rialála ar fud an Aontais is ea ceanglais chomhchoiteanna a sholáthar ar fud an Aontais.

Tá breisluach leis an Rialachán freisin i gcomparáid leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, mar gheall go príomha ar a raon feidhme leathnaithe lena gcumhdaítear réimsí tábhachtacha nua amhail aerárthaí gan foireann, deimhniú trealaimh talún BAT agus cosaint an chomhshaoil.

Mar sin féin, **tá riachtanais agus ceanglais earnáil na heitlíochta sibhialta ag forbairt go leanúnach agus ní mór do EASA leanúint leis** na riachtanais sin a chur in oiriúint. Ní mór fós cuid de cheanglais nua an Rialacháin a sholáthar trí rialacha breise cur chun feidhme (e.g. láimhseáil ar an talamh), agus ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt réimsí nua eile go luath amach anseo (e.g., Oibríochtaí Aerspáis Níos Airde ([11]) nó forbairtí teicneolaíochta in BAT).

Tá ról tábhachtach agus ceannasach ag EASA maidir le rialacha a chomhchuibhiú, cothroime iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais, agus tacú le gach páirtí san eitlíocht Eorpach agus sa phobal i gcoitinne.

D'éirigh le EASA freisin caidreamh a chothú le comhpháirtithe eitlíochta idirnáisiúnta, lena n-áirítear ag ICAO, rud a fhágann go n-aithnítear go frithpháirteach gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus maoirseachta idir an tAontas agus tríú tíortha. Éascaíodh leis sin glacadh idirnáisiúnta le táirgí agus seirbhísí eitlíochta an Aontais. Tá EASA ar thús cadhnaíochta i bhforbairt agus i gcur chun feidhme teicneolaíochtaí nuálacha, amhail córais aerárthaí gan foireann agus aerárthaí leictreacha, i measc nithe eile. Léiríonn sé freisin cumas an Aontais a iomaíochas idirnáisiúnta a choimeád ar bun.

Ina iarracht rialacha a chomhchuibhiú agus feabhas a chur ar chomhar le comhpháirtithe eitlíochta idirnáisiúnta, ní mór do EASA oiriúnú go comhsheasmhach do thimpeallacht atá an-chasta agus atá ag athrú go tapa.

---

([11]) Is oibríochtaí iad HAO a dhéantar in aerspás níos airde ina mbíonn méid an aerspáis de ghnáth os cionn airde ina gcuirtear formhór na n-aersheirbhísí ar fáil inniu (leibhéal eitilte 550 de ghnáth). https://www.easa.europa.eu/en/newsroom-and-events/news/roadmap-higher-airspace-operations-hao-proposed-easa .

Meastar **go bhfuil an Rialachán agus EASA araon ábhartha** do riachtanais reatha agus amach anseo na hearnála eitlíochta. Tá an Rialachán ábhartha maidir le haghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais atá ag teacht chun cinn a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht eitlíochta teicneolaíochtaí nua den sórt sin, digitiú agus intleacht shaorga.

Tá **imní ann, áfach, faoi chumas na Gníomhaireachta na cúraimí nua sin a chomhlíonadh gan iarmhairtí diúltacha a chruthú maidir lena príomhchúraimí sábháilteachta eitlíochta.** Tá sé tábhachtach a mheas an bhfuil dóthain acmhainní ag EASA chun a líon cúraimí atá ag méadú a bhaint amach.

Bíonn tionchar ag forbairtí nuálaíochta agus teicneolaíochta ar an timpeallacht atá casta cheana féin ina gcomhlíonann EASA a mhisin. Tá úsáid na meaisínfhoghlama agus na hintleachta saorga i gcroílár go leor uirlisí nua. Tá impleachtaí féideartha ag forbairtí den sórt sin ar an tsábháilteacht eitlíochta freisin agus dá bhrí sin ní mór do EASA aghaidh a thabhairt orthu go cúramach. **Ba cheart an saineolas teicniúil is gá a bheith ag EASA, oiliúint a chur ar a fhoireann agus leanúint le páirt a ghlacadh sna tionscadail taighde agus sna cláir nuálaíochta ábhartha.**

**Ba cheart do EASA tabhairt faoina chuid iarrachtaí ullmhú do phríomhathruithe teicneolaíochta san eitlíocht**, amhail rioscaí nó treochtaí atá ag teacht chun cinn, samhlacha nua gnó nó teicneolaíochtaí suaiteacha agus a áirithiú go gcomhfhreagraíonn a scileanna agus a inniúlachtaí foirne chomh maith lena chórais agus lena phróisis do na riachtanais teicneolaíochta agus nuálaíochta nua sin.

Ba cheart do EASA leanúint le bealaí nua a phlé chun coinneáil cothrom le dáta le nuálaíochtaí teicneolaíochta atá tagtha chun cinn le déanaí agus chun measúnú ceart a dhéanamh ar a dtionchar ar an eitlíocht. **Ba cheart leas a bhaint a thuilleadh as comhar leanúnach le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil baint acu le cláir thaighde agus nuálaíochta** chun an t-eolas agus na sonraí maidir le táirgí, teicneolaíochtaí, cineálacha nua oibríochta agus samhlacha nua gnó a threisiú.

**Ba cheart tionscadail taighde ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chothú** lena áirithiú go bhfuil scileanna agus inniúlachtaí in EASA agus sna húdaráis inniúla náisiúnta cothrom le dáta agus go bhfuil EASA ábalta cur le hiontráil shábháilte thapa na dteicneolaíochtaí nua sin sa mhargadh. **D'fhéadfadh tástáil réiteach nuálacha i dtimpeallacht shábháilte (boscaí gainimh) leas a bhaint as solúbthacht rialála bhreise.**

## 4. CONCLÚIDÍ

**D'éirigh go maith leis an Rialachán ar an iomlán agus chuir sé le cothroime iomaíochta shábháilte agus éifeachtúil do thionscal eitlíochta an Aontais agus le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe comhshaoil den eitlíocht.** Tá sé sin, den chuid is mó, mar gheall ar na ghníomhaíochtaí ceaptha rialacha agus deimhniúcháin EASA, agus mar gheall ar fhreagairt thráthúil agus éifeachtach do shuaitheadh seachtrach. Tá méadú tagtha thar na blianta ar

éifeachtacht na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara idir EASA, tionscal na heitlíochta agus údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna). Bhí EASA éifeachtúil den chuid is mó freisin maidir leis an mbuiséad bliantúil a bhí ar fáil aige a úsáid go leordhóthanach.

Ar an iomlán, **chuidigh EASA agus an Rialachán araon le lánpháirtiú Eorpach i réimse an aeriompair** agus bhí tairbhí foriomlána ann don tsábháilteacht, do chosaint an chomhshaoil, don éifeachtúlacht agus do chruthú cothroime iomaíochta do thionscal na heitlíochta.